Féile Litríochta ‘Cúirt’

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar thuairisc faoin bhféile litríochta ‘Cúirt’.

Ar chuala tú aon rud faoin bhféile seo roimhe seo?

An bhfuil aon tábhacht ag baint le litríocht na Gaeilge, dar leat?

Ceist 2 Sula bhféachann tú ar an mír nuachta, déan iarracht na focail ar chlé a mheaitseáil leis na téarmaí ar dheis.

1. Celebration	A. Freastal
2. Writers	B. Clabhta
3. Events	C. Lucht Eagraithe
4. Hopeful	D. Ceiliúradh
5. Officially	E. Scríbhneoirí
6. Attend	F. Go hoifigiúil
7. Organizers	G. Dóchasach
8. Cloud	H. Imeachtaí

1	2	3	4	5	6	7	8

Ceist 3 Anois féach ar an mír nuachta agus freagair na ceisteanna seo a leanas.

1. Cá bhfuil an fhéile ar siúl?
2. Cé mhéad Meiriceánach a tharraing amach as an bhféile?
3. Cén fáth?
4. Cén file a chloistear ag tús na míre?
5. Ainmnigh scríbhneoir Éireannach a bheidh páirteach san fhéile?
6. Cá bhfuil Colm McCann faoi láthair?
7. Cá seolfar an fhéile?
8. Cén t-achar a mhairfidh an fhéile?

Ceist 4 Féach ar an mír arís agus líon na bearnaí thíos leis na focail chuí.

Tá an _____ Idirnáisiúnta litríochta ‘Cúirt’, atá ar siúl i gcathair na Gaillimhe an tseachtain seo,ag _____ cúig bliana fichead a bunaithe i mbliana. _____ do bheirt scríbhneoirí as _____ tarraingt amach as an bhféile de bharr na géarchéime taistil. Ach tá eagraithe dóchasach go mbeidh _____ a gcuid _____ i láthair. Seo í Catherine Ní Ghuairim.

Ceiliúradh, Meiriceá, B’éigean, Aíonna. Lucht, Formhór, Fhéile,

Ceist 5 Deirtear **‘***an tseachtain seo...’* sa mhír.

Cén fáth a gcuirtear 't‘ roimh an ‘s’ tar éis an ailt?

Anois, déan iarracht an t-alt a chur roimh na focail seo agus athraigh iad más gá.

1. scáthán
2. scamall
3. seilf
4. séiplíneach
5. seirbhís
6. sagart
7. sochaí
8. solas

Ceist 6 An bhfuil suim agat féin sa léitheoireacht?

An gcuireann tú spéis i scríbhneoirí Éireannacha?

“Tá litríocht na Gaeilge leamh leadránach i gcomparáid le litríocht an Bhéarla”
Do thuairim faoin méid sin.

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1 Iarr ar na foghlaimeoirí plé a dhéanamh ar aon eolas atá acu faoi na scéalta seo ar dtús.

Ceist 2

1	2	3	4	5	6	7	8
D	E	H	G	F	A	C	B

Ceist 3

1. Tá an fhéile ar siúl i gCathair na Gaillimhe.
2. Tá beirt Mheiriceánach tar éis tarraingt amach as an bhféile.
3. Tharraing siad amach mar gheall ar an ngéarchéim aeir.
4. Cloistear Máire Mhac an tSaoi ag tús na míre.
5. Beidh Roddy Doyle agus Colm McCann páirteach san fhéile.
6. Tá Colm McCann i Nua Eabhrac faoi láthair.
7. Seolfar an fhéile i Músaem na Gaillimhe.
8. Leanfaidh sí ar feadh seachtaine.

Ceist 4 Tá an **Fhéile** Idirnáisiúnta litríochta ‘Cúirt’, atá ar siúl i gcathair na Gaillimhe an tseachtain seo, ag **ceiliúradh** cúig bliana fichead a bunaithe i mbliana. **B’éigean** do bheirt scríbhneoirí as **Meiriceá** tarraingt amach as an bhféile de bharr na géarchéime taistil. Ach tá l**ucht** eagraithe dóchasach go mbeidh **formhór** a gcuid **aíonna** i láthair. Seo í Catherine Ní Ghuairim.

Ceist 5 Cuirtear ’t‘ roimh ‘s’ tar éis an ailt nuair is focal baininscneach a thosaíonn le ‘s’ atá ann.

1. An Scáthán
2. An Scamall
3. An tSeilf
4. An Séiplíneach
5. An tSeirbhís
6. An Sagart
7. An tSochaí
8. An Solas

Ceist 6 Is féidir an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí má tá am ann.

Éimear Ní Chonaola

Tá an Fhéile Idirnáisiúnta litríochta 'Cúirt', atá ar siúl i gcathair na Gaillimhe an tseachtain seo, ag ceiliúradh cúig bliana fichead[1] a bunaithe i mbliana. B'éigean do bheirt scríbhneoirí as Meiriceá tarraingt amach as an bhféile de bharr na géarchéime taistil. Ach tá lucht eagraithe dóchasach go mbeidh formhór a gcuid aíonna i láthair. Seo í Catherine Ní Ghuairim.

Catherine Ní Ghuairim

B'shin í Máire Mhac an tSaoi ag rá dáin le linn Féile Litríochta Cúirt 1996. Tá taifid[2] den chineál seo agus pictiúir[3] ó sheanfhéilte[4] Cúirt le feiceáil in Ionad Ealaíne na Gaillimhe mar chuid de cheiliúradh cúig bliana fichead[5] na Féile.

Pádraic Breathnach

Is ceiliúradh atá ar siúl againne an tseachtain uile[6]. Táimid ag déanamh ceiliúrtha ar scríbhneoirí na hÉireann agus ceiliúradh ar scríbhneoirí thar lear chomh maith leis sin. Táimid ag déanamh ceiliúradh ar Chló Iar Chonnachta, ar an Gallery Press agus ar an gCúirt í féin. Beidh imeachtaí ar siúl ó 'chuile áit ar fud na cathrach ar feadh na seachtaine.

De bharr na géarchéime aeir ní bheidh na scríbhneoirí Tessa Hadley agus Naomi Shihab Nye in ann freastal ar an bhféile, ach tá lucht eagraithe dóchasach go mbeidh clár lán go maith acu.

Pádraic Breathnach

Bhuel is dóigh ó thaobh na nÉireannach[7] de gurb é Roddy Doyle an príomhfhear atá againn. Chomh maith leis sin ag deireadh na seachtaine tá Colm McCann ceaptha teacht[8] isteach, an fear bocht i bhfostú thall i Nua Eabhrac faoi láthair mar a déarfá, faoin gclabhta mór seo atá ag dul timpeall an domhain[9]. An rud is suimiúla faoin gcúirt ná go bhfuil scríbhneoirí sásta fanacht i JFK ar feadh dhá lá le bheith anseo linn agus táimid fíorbhuíoch díobh agus tá mé cinnte go n-éireoidh linn iad a thabhairt anonn.

Catherine Ní Ghuairim

Tá tús curtha le himeachtaí[10] inniu ach is tráthnóna amárach i músaem na Gaillimhe a sheolfar go hoifigiúil Cúirt na bliana. Leanfaidh an fhéile go dtí Dé Domhnaigh.

Catherine Ní Ghuairim

Nuacht TG4 i nGaillimh

---

[1] Chúig bhliana fichead a deirtear
[2] Taifeadaí a deirtear
[3] Pictiúirí a deirtear
[4] ó seanfhéilte deirtear
[5] Chúig bhliana fichead a deirtear
[6] uilig a deirtear
[7] ó thaobh na hÉireannaigh deirtear
[8] thíocht deirtear
[9] faoi an chlabhta mór seo atá ag dhul timpeall deirtear
[10] le imeachtaí deirtear